

# Comhairliúchán Poiblí ar:

**(1) Na hUastáillí Náisiúnta Tacsáí atá Beartaithe  
(2) Na Rialacháin Beagfheithicle Seirbhíse  
Poiblí (Saoráid Íocaíochta gan Airgead  
Tirim) atá Beartaithe.**

Tá sé beartaithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair (“an tÚdarás”) ordú uastáillí agus rialacháin a dhéanamh faoi fhorálacha an Achta um Rialáil Tacsaithe, 2013.

## **Na hUastáillí Náisiúnta Tacsáí atá Beartaithe**

De bhun alt 24 den Acht um Rialáil Tacsaithe, 2013 (Uimh. 37 de 2013), tá sé beartaithe ag an Údarás ordú uastáillí nua a dhéanamh, chun teacht in ionad an ordaithe uastáillí atá ann cheana, lena mionsonrófar an uastáille a fhéadfaidh tiománaí tacsáí a ghearradh.

## **Na Rialacháin Beagfheithicle Seirbhíse Poiblí (Saoráid Íocaíochta gan Airgead Tirim) atá Beartaithe**

De bhun alt 20 agus alt 48 den Acht um Rialáil Tacsaithe, 2013 (Uimh. 37 de 2013), tá sé beartaithe ag an Údarás ceanglas a chur ar thiománaithe tacsaithe saoráid fheidhmiúil íocaíochta gan airgead tirim a iompar le linn dóibh oibriú agus ceanglas a chur orthu glacadh le híocaíochtaí gan airgead tirim d’aon turas.

Is féidir mionsonraí faoin ordú uastáillí atá beartaithe agus faoi na Rialacháin Beagfheithicle Seirbhíse Poiblí (Saoráid Íocaíochta gan Airgead Tirim) atá beartaithe a íoslódáil ó shuíomh Gréasáin an Údaráis ag [www.nationaltransport.ie](http://www.nationaltransport.ie)

Féadfar aighneachtaí maidir leis na hionstraimí reachtúla beartaithe sin a dhéanamh i gceann amháin den dá shlí seo a leanas:

1. Ar Líne: <https://www.nationaltransport.ie/public-consultations/>
2. Sa Phost: An tAthbhreithniú ar Uastáillí **NÓ** An Rialachán maidir le Saoráid Íocaíochta gan Airgead Tirim, An tÚdarás Náisiúnta Iompair, Bosca PO 436, Páirc Gnó Thuaisceart na Cathrach, Bóthar Thuama, Gaillimh

Ní foláir ábhar na haighneachta, ainm iomlán an duine atá ag déanamh na haighneachta agus, i gcás gurb iomchuí, ainm an chomhlachta nó na heagraíochta a bhfuiltear ag déanamh ionadaíocht dó nó di a chur ar áireamh i ngach aighneacht poist.

Tá an tÚdarás faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, agus, dá bhrí sin, ní foláir dó aon iarraidh ar fhaisnéis a dhéantar de bhun an Achta sin a bhreithniú. Féadfar aon aighneachtaí a gheofar a fhoilsiú. Is féidir tuilleadh faisnéise a aimsiú anseo: <https://www.nationaltransport.ie/further-information/privacy-statement/>

**Glacfar le haighneachtaí go dtí  
12:00 Dé hAoine, 27 Bealtaine 2022.**

# Public Consultation on:

**(1) Proposed National Maximum Taxi Fare  
(2) Proposed Small Public Service Vehicle  
(Cashless Payment Facility) Regulations**

The National Transport Authority (“the Authority”) proposes to make a maximum fares order and regulations under the provisions of the Taxi Regulation Act 2013.

## **Proposed National Maximum Taxi Fares**

Pursuant to section 24 of the Taxi Regulation Act 2013 (No. 37 of 2013), the Authority proposes to make a new maximum fares order, to replace the current maximum fares order, detailing the maximum fare that may be charged by a driver of a taxi.

## **Proposed Small Public Service Vehicle (Cashless Payment Facility) Regulations**

Pursuant to section 20 and section 48 of the Taxi Regulation Act 2013 (No. 37 of 2013), the Authority proposes to require drivers of taxis to carry a functioning cashless payment facility whilst operating and to accept cashless payments for any journey.

Details of the proposed maximum fares order, proposed Small Public Service Vehicle (Cashless Payment Facility) Regulations, can be downloaded from the Authority’s website at [www.nationaltransport.ie](http://www.nationaltransport.ie)

Submissions in relation to these proposed statutory instruments may be made in one of the two following ways:

1. Online: <https://www.nationaltransport.ie/public-consultations/>
2. Post: Maximum Fares Review **OR** Cashless Payment Facility Regulation, National Transport Authority, PO Box 436, City North Business Park, Tuam Road, Galway

All postal submissions must include the subject of the submission, the full name of the person making the submission and, where relevant, the name of the body or organisation represented.

The Authority is subject to the provisions of the Freedom of Information Act 2014 and, therefore, must consider any request for information made under that Act. Any submissions received may be published. Further information can be found here: <https://www.nationaltransport.ie/further-information/privacy-statement/>

**Closing date for receipt of submissions is  
12:00 on Friday, 27th May 2022.**

